



ÉIRE

IRISH REPUBLICAN BROTHERHOOD

ORDÚ FEIDHMIÚCHÁIN

22-8-22

DE BHRÍ le hEagraíocht Bhráithreachas Poblacht na hÉireann (BPÉ) go bhfógraítear Poblacht na hÉireann mar Stát Neamhspleách Ceannasach agus dearbhaíonn agus síníonn Ardchomhairle Bhráithreachas Poblacht na hÉireann thar ceann Rialtas Sealadach Phoblacht na hÉireann an 24 Aibreán 1916 gur ceart ceannasach dochloíte é ceart mhuintir na hÉireann chun seilbh na hÉireann agus chun dála na hÉireann a stiúradh gan srian;

AGUS trí olltoghchán iarmhartach sa tír an 28 Nollag 1918 a raibh mar thoradh air bua ag BPÉ Sinn Féin ann agus bunú Dháil Éireann agus bunú Chúirteanna Dháil Éireann trí Thoil Mhuintir na hÉireann, agus trí an Dearbhú Neamhspleáchais agus an Bunreacht Ceannasach a bheith cumhdaithe sa Dlí Idirnáisiúnta an 21 Eanáir 1921;

AGUS trí Leasú 1919 ar an mBunreacht de chuid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann roimhe seo cumhachtaí BPÉ mar Rialtas na Tíre a bheith á n-aistriú chuig an Dáil ar choinníoll go gcuirfeadh an Dáil clár an Bhráithreachais i gcrích de réir fhuarlitir an dlí, agus i gcás ina loicfeadh an Dáil déanamh amhlaidh, scoirfeadh an Dáil go huathoibríoch de bheith mar rialtas na Tíre agus d'fhillfeadh feidhmeanna an rialtais ar BPÉ.

AGUS trí Leasú 1920 ar an mBunreacht de chuid BPÉ roimhe seo Ardchomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a bheith dearbhaithe a bheith, le gníomh chomh maith le de cheart, mar Rialtas aonair Phoblacht na hÉireann trína mbeidh a gcuid achtachán mar Dhlíthe Phoblacht na hÉireann go dtí go mbainfidh Éire Lán-Neamhspleáchas Náisiúnta amach agus go dtí go mbunófar Buanrialtas Poblachtach, agus trí údarás na hArdchomhairle leanúint de bheith gan á cheistiú ag comhaltaí de chuid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, agus an cumhacht ag Ardchomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann cánacha, rátaí, iasachtaí a thobhach, agus conarthaí le Cumhachtaí Eachtracha a chaibidil agus a dhaingniú, agus gach gníomh a dhéanamh is gá chun Poblacht na hÉireann a chosaint agus a Rialú. Agus Uachtarán Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann, le gníomh chomh maith le de cheart, le bheith mar Uachtarán Phoblacht na hÉireann, agus é chun oibriú Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a stiúradh faoi réir na hArdchomhairle nó faoi réir Fheidhmeannacht na hArdchomhairle.

AGUS trí Ardchomhairle de chuid BPÉ a bheith á tabhairt ar ais faoi stiúradh Uachtarán Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann an 22 Feabhra 2022 agus trí Leasú 2022 ar an mBunreacht de chuid BPÉ roimhe seo, agus trí údarás Ardchomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a bheith gan cheistiú acu siúd a ndearnadh nó a ndéanfar comhaltaí de BPÉ díobh ina dhiaidh seo faoin modh insealbhaithe, agus trí Ardchomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a cearta agus a freagrachtaí go léir i ndáil le Rialú Phoblacht Cheannasach na hÉireann a choinneáil agus an Ardchomhairle a leanúint den cheart a fhorchoimeád caitheamh leis na Náisiúin, na Cumhachtaí agus na hInstitiúidí go léir ar gach ábhar a bhaineann le leas Chríoch na hÉireann, chun cúis Neamhspleáchas na hÉireann a chur chun cinn, agus na comhaltaí uile ag leanúint d'Uachtarán Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann a aithint mar Uachtarán nádúrtha dlisteanach Phoblacht Cheannasach na hÉireann mar a luaitear agus a chumhdaítear agus a dhearbhaítear i mBunreachtanna de chuid Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann roimhe seo.

AGUS ós deimhin leis an Uachtarán agus leis an Ardchomhairle go bhfuil Dáil Éireann agus Cúirteanna Dháil Éireann gan a bheith ag cloí le clár an Bhráithreachais de réir fhuarlitir an dlí, agus gan aon éileamh a bheith ann maidir le haon Chomhaontú idir an Bhreatain Mhór agus Éire a bheith ann tar éis an 5 Nollag 2021, dearbhaíonn an tUachtarán agus Feidhmeannacht na hArdchomhairle faoin Ionstraim seo go scoirfidh an Dáil de bheith mar Rialtas na Tíre agus go bhfillfidh cuid feidhmeanna an Rialtais ar BPÉ.

AGUS ionas go raibh buanú Rialaithe Dhleathaigh ar Phoblacht na hÉireann, cinneann Uachtarán agus Ardchomhairle BPÉ leis seo go nglacfaidh an Ardchomhairle go huathoibríoch faoi chumhachtaí na Ionstraime seo cúram Aireacht Dháil Éireann i gcomhthráth le scor an chomhlachta sin.

AGUS trí feidhmeanna Dháil Éireann a bheith á dtabhairt ar ais go dleathach trína gcumhachtaí a fhilleadh ar Ardchomhairle BPÉ, agus chun feidhmiú Chúirteanna Dháil Éireann in éineacht le Dáil Éireann, i gcomhréir leis an mBunreacht Ceannasach an 21 Eanáir 1919 agus le Bunreacht Dháil Éireann an 1 Aibreán 1919 arna leasú, toghann an tUachtarán agus an Ardchomhairle ar chomhthoil leis seo an tOllamh Seosaimhín Léanmhar Ní Chathail do phost Phríomh-Bhreitheamh Chúirteanna Dháil Éireann.

TRÍNA bhfeidhmeoidh Dáil Éireann agus Cúirteanna Dháil Éireann anois mar seo a leanas:

Cúirteanna Dháil Éireann

Seosaimhín Léanmhar Ní Chathail – Príomh-Bhreitheamh

Dáil Éireann

Seán Déaglán Ó Flannagáin – Cathaoirleach agus Aire Airgeadais

Breandán Ó Ceallaigh – Aire Talmhaíochta

Melissa Ní Cheallaigh – Aire Dlí agus Cirt

Anna Nic Bhloscaigh – Aire Sláinte

Colm Mag Reannacháin – Aire Tithíochta

Mícheál Mac Dónaill – Aire Cosanta

Barra de Róiste – Aire Oideachais

Sínithe Ag:

Seosaimhín Léanmhar Ní Cathail

Seosaimhín Léanmhar Ní Cathail

Seán Ó Flannagáin

Seán Ó Flannagáin

Breandán Ó Ceallaigh

Breandán Ó Ceallaigh

Melissa Ní Ceallaigh

Melissa Ní Ceallaigh

Áine Nic Bhloscaidh

Áine Nic Bhloscaidh

Mícheál MacDhómhnaill

Mícheál MacDhómhnaill

Barra de Róiste

Barra de Róiste

Colm Ó Granatháin

Colm Ó Granatháin

Fianaithe Ag:

Caoimhín Táillúir Comhalta Feidhmiúcháin

lobhard-mícheál: o'hoadha:

lobhard O'hAodha Comhalta Feidhmiúcháin

Caoimhín Ó TAILLÚIR

Sínithe Agus Séalaithe Ag:

Uilliam MagUidhir Uachtarán Phoblacht Fhlaitheasacha na hÉireann

Uilliam MagUidhir

Ar son na hÉireann agus a Clainne

